# PÁDRAIC Ó CONAIRE

RUGADH Pádraic Ó Conaire i gcathair na Gaillimhe, mí Feabhra 1882, agus d'éag sé i gcathair Átha Cliath, mí Feabhra 1928, díreach agus sé bliana agus daichead d'aois slánaithe aige. Daoine acmhainneacha ba ea a mhuintir ón dá thaobh. Ba as Ros Muc i nGaeltacht Chonamara dá athair, Tomás Ó Conaire, agus ba í Cáit Ní Dhonnchaidh as cathair na Gaillimhe a mháthair. Chuir a thuismitheoirí fúthu i gcathair na Gaillime mar a raibh gnó rafar ceannaíochta ar láimh le céad éigin bliain anuas ag muintir a mháthar mar aon le mórthráchtáil loinge le tíortha thar lear. Cailleadh tuismitheoirí Phádraic go luath ina shaol agus sa bhliain 1893, nuair a bhí sé aon bhliain déag d'aois, chuaigh sé chun cónaithe go teach a sheanmhuintire i Ros Muc mar a raibh gnó siopadóireachta agus feirmeoireachta ar siúl ag a uncail. Lean sé dá chúrsa bunoideachais i scoil náisiúnta an Turlaigh Bhig a bhí ina chóngar ansiúd go dtí gur cuireadh ar choláistí aíochta é chun meánoideachais. Is i gColáiste na Dúcharraige, Baile Átha Cliath, a chaith sé an dá bhliain dheireanacha dá chúrsa meánoideachais agus ansin, sa bhliain 1899, ghlac sé post cléireachais i Londain mar ar fhan sé go dtí 1914. Ón mbliain sin amach is in Éirinn a chaith sé a shaol, i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh den chuid is mó agus ag taisteal roimhe ar fud na tíre de réir mar ab fhonn leis féin é.

Ó thaobh Gaeilge de, d'fhág na cúrsaí sin—go háirithe an caidreamh a bhí aige le saol na Gaeltachta i Ros Muc—go raibh an teanga go maith ar a chumas ag Pádraic in óige a shaoil agus, le himeacht aimsire, is mór a chuir sé leis an





gcumas sin mar gurbh é saothrú na teanga Gaeilge, go háirithe mar mheán litríochta, ba phríomhchuspóir dó i rith a shaoil. Ar shroichint Londain dó cheangail sé le Conradh na Gaeilge ann agus faoi cheann 1904 bhí tosaithe aige ar shaothrú litríochta i nGaeilge. Lean sé dá láimh mar sin i Londain dó agus tar éis é theacht ar ais go hÉirinn sa bhliain 1914 ba é sin aon-ghairm a bheatha.

Fear mór léitheoireachta ba ea Pádraic Ó Conaire agus chuir sé eolas an-fhairsing ar an sórt litríochta a bhí á saothrú i nuatheangacha eile na hEorpa lena linn, go háirithe sa Rúisis, sa bhFraincis agus i mBéarla Shasana is Mheiriceá. Mheas sé comaoin nualitríochta dá shórt sin a chur ar an teanga Ghaeilge; is i mbun sin a dhéanamh a chaith sé dúthracht a shaoil agus is airde agus is éifeachtaí a d'éirigh a dhéanamh leis ná duine ar bith eile dá chomhaimsir. Chleacht sé gearrscéalaíocht, drámaíocht, iriseoireacht, aistí agus úrscéalaíocht—saothar fairsing a chuir a ainm in airde i measc na bpríomhúdar a shaothraigh nualitríocht sa Ghaeilge ó thosaigh Ré Athbheochana na teanga.

Is ina chuid gearrscéalta agus aistí is airde a d'éirigh barr feabhais le Pádraic Ó Conaire mar údar agus cé nach n-áirítear *Brian Óg* ar na leabhair is tábhachtaí a scríobh sé, is fíor nach beag de rian atá air dá dhea-thréithe mar scéalaí. Is ina shraithscéal a cuireadh *Brian Óg* i gcló ar dtús in *The Irish Review* ó mhí Dheireadh Fómhair 1922 go mí Eanáir 1923 agus níor foilsíodh ina leabhar é go dtí 1926. Úrscéal eachtraíochta é atá bunaithe ar cheann de mhórimeachtaí staire ár dtíre. Tá úire agus beocht san insint agus éascaíocht i ngluaiseacht an scéil. Is follas ann freisin an gean ar loingseoireacht agus ar mhairnéalachas a thug an t-údar leis óna óige i gcathair a dhúchais agus an cion a bhí aige ar eachtraíocht, rud a mhair ina chroí féin i rith a shaoil.

# Brian Óg

---

## I.

## Dúṡlán Coṁraic.

Ḃí Brian Ó Dálaiġ ina áḃar sagairt i gColáiste na nGael i Lisboa sa mbliain 1689, aċ ḃí ceapṫa aige éirí as agus a ḋul aḃaile go hÉirinn. Ḃí an fear óg sáċ buarṫa ina intinn nuair ṡocraiġ sé air sin a ḋéanaṁ—céard a ḋéarfaḋ a anamċara agus a ḟear gaoil, an tAṫair Doiminic Ó Dálaiġ, leis nuair d'inseoḋ sé ḋó nár ṁaiṫ leis ḃeiṫ ina ṡagart, agus naċ mbeaḋ? Céard a ḋéarfaḋ a aṫair dílis féin leis, a mb'é mian a ċroí a ċúigiú mac a ḃeiṫ ina ṡagart, ar nós gaċ cúigiú mic dá ḃunaḋ le oċt nglúna roiṁe? Aċ ní gairm sagartaċta ḃí ag Brian Óg na nÉaċt Ó Dálaiġ aċ gairm saiġdiúraċta, agus cuma cén cutaċ a ḃeaḋ ar a aṫair nó ar a anamċara, is ina ṡaiġdiúir a ḃeaḋ sé. Claiḋeaṁ a ḃeaḋ ina ġlaic aige agus ní leaḃar urnaiṫe; casóg ṡaiġdiúra a ḃeaḋ ina ṫimpeall agus ní casóg ċléiriġ; agus nuair a ḃeaḋ a ré ṫart ar an saol seo, ní in aice na haltóra i dteampall a ċuirfí é, aċ faoin ḃfód ar ṗáirc an ċaṫa.

Ḃí sé ag iarraiḋ an méid sin a scríoḃ i litir ċuig a aṫair agus é ina ṡuí faoi ċrann i ḃfaiċe



## I

## DÚSHLÁN COMHRAIC

Bhí Brian Ó Dálaigh ina ábhar sagairt i gColáiste na nGael i Liospóin sa bhliain 1690, ach bhí ceaptha aige éirí as agus dul abhaile go hÉirinn. Bhí an fear óg sách buartha ina intinn nuair a shocraigh sé air sin a dhéanamh—céard a déarfadh a anamchara agus a fhear gaoil, an tAthair Doiminic Ó Dálaigh, leis nuair a d'inseodh sé dó nár mhaith leis bheith ina shagart, agus nach mbeadh? Céard a déarfadh a athair dílis féin leis, a mba é mian a chroí a chúigiú mac a bheith ina shagart, ar nós gach cúigiú mac dá bhunadh le hocht nglúin roimhe? Ach ní gairm shagartachta bhí ag Brian Óg na nÉachtaí Ó Dálaigh ach gairm shaighdiúrachta, agus cuma cén cuthach a bheadh ar a athair nó ar a anamchara, is ina shaighdiúir a bheadh sé. Claíomh a bheadh ina ghlaic aige agus ní leabhar urnaithe; casóg shaighdiúra a bheadh ina thimpeall agus ní casóg chléirigh; agus nuair a bheadh a ré thart ar an saol seo, ní in aice na haltóra i dteampall a chuirfí é, ach faoin bhfód ar pháirc an chatha.

Bhí sé ag iarraidh an méid sin a scríobh i litir chuig a athair agus é ina shuí faoi chrann i bhfaiche

an Choláiste lá breá gréine Bealtaine sa bhliain atá luaite agam. Ach bhí a fhios ag an bhfear óg go rímhaith nach bhfeicfeadh a athair an litir sin a bhí á scríobh aige choíche, mar ní chuirfí chun bealaigh í. An iomarca d'fhonn saighdiúrachta agus de mholadh na saighdiúrachta a bhí sa litir sin a shíl an fear óg nuair a d'athléigh sé í. Leag sé a leabhar scríofa thart ar an bhféar agus d'fhéach sé thairis.

Bhí na mic léinn eile ina bhfoirne beaga thart ar fud na páirce ag imirt a gcuid cleas ar a dtoil féin. Bhí cuid acu caite ar a sáimhín só faoi na crainn oráiste a bhí beagnach faoi bhláth, agus iad ag caint nó ag léitheoireacht. Bhí cuid eile a bhí níos fuinniúla b'fhéidir ag bualadh báire agus iad roinnte de réir na gCúigí. Agus bhí cuid eile fós ag caitheamh an mheáchain. Ach an chuid is mó acu is ag cleachtadh arm faobhair a bhí siad. Claimhte Spáinneacha a bhí acu, ach de réir rialacha an Choláiste ní raibh sé de chead ag aon mhac léinn ann claíomh nocht a oibriú. B'éigean barra na lann a bheith clúdaithe acu ar eagla na timpiste, nó ar eagla go mbrisfeadh an drochfhuil amach dá mbuíochas.

Agus shíl Brian Óg na nÉachtaí Ó Dálaigh den chéad uair, agus é ag dearcadh ar an obair a bhí ar siúl ag a chomhscoláirí go mba chosúla le Coláiste Saighdiúrachta an áit ná le Coláiste Sagartachta. Ba mhór an misneach a thug an smaoineamh sin don fhear óg. De réir gach cosúlachta, ní leabhair



salm ab fhearr leis na mic léinn seo ach an oiread leis féin, ach airm. Níorbh é ceol na gclog ab ansa lena gcroí ach ceol aoibhinn na gclaimhte cruach agus spréacharnach ag éirí astu agus iad ag bualadh in aghaidh a chéile. Agus cárbh fhios dó, ó is mar sin a bhí an scéal ag a chomhscoláirí, nach raibh cuid mhaith acu i gcás den saghas céanna ina raibh sé féin? Cárbh fhios dó nár mhó de mhianach an tsaighdiúra bhí iontu ná de mhianach an tsagairt? Níor bhuail an smaoineamh sin riamh cheana é, ach ba mhór an misneach a chuir sé ann nuair a bhuail. Cheap sé, ó tháinig an smaoineamh chuige éirí as an tsagartacht le dul ina shaighdiúir, go raibh sé ina chadhan aonraic i measc daoine, agus nach raibh i ndán dó ach a anam a chailleadh. Tuigtear nach raibh Brian Óg na nÉachtaí Ó Dálaigh fiche bliain d'aois!

Thosaigh sé ar an litir ba mhian leis a chur chuig a athair a athscríobh.

> "Do Thadhg Mór na mBéimeanna
> Ó Dálaigh, bua agus beannacht agus gean
> óna mhac ionúin Brian ——"

Ní raibh ach an méid sin scríofa aige nuair ab éigean dó stad. Sea, cén chaoi a bhféadfadh sé a scéal a insint dá athair? Cén chaoi a dtosódh sé? Cén chaoi lena rá, ionas go dtuigfeadh a athair é? D'ardaigh sé na súile. Chuir sé barr an chleite ina bhéal, ach níor tháinig na focail chuige ón gcleite.

Mar sin féin, thosaigh sé ag scríobh, ach ní ar an rud a bhí sé a dhéanamh a bhí a aire, ach ar an mbeirt a bhí ag cleachtadh claímh i bhfogas dó faoi chrann, agus dream beag eile á ngríosú.

Píosa de "Amhrán an Chlaímh" a d'fhoghlaim sé óna sheanathair, a bhí ina chaptaen ag Aodh Rua Ó Néill i gCionn tSáile, agus ag Eoghan Rua Ó Néill ag an mBinn Bhorb, a bhí scríofa ag Brian Óg na nÉachtaí!

Dhún sé a leabhar agus d'imigh leis faoi dhéin na bhfear claímh.

Ceallacháanach ó Chorcaigh agus Domhnallach ó Thír Chonaill a bhí in aghaidh a chéile, agus ó bhí cáil ghaiscígh chlaímh ar an mbeirt, ba mhór an spéis a cuireadh sa choimhlint. Go deimhin ba iad an bheirt iad ba threise agus ba chliste le claíomh ar an gcéad go leith ógfhear a bhí i gColáiste San Doiminic i Liospóin an tráth sin. Beirt rua a bhí iontu, agus iad ar comhairde agus ar cóimheáchan agus ar comhaois agus ar comhchlisteacht, mar shílfeá; agus ó tharla achrann agus drochaigne dá thoradh sin eatarthu, ó casadh le chéile sa Choláiste i dtosach iad, ba chosúla a gcoimhlint le comhrac naimhde nimhneacha ná le caitheamh aimsire mac léinn a mba chóir dóibh bheith ag caitheamh a ndúthrachta le diagacht.

Fogha dár thug an Domhnallach faoin gCeallachánach agus dá mba chlaimhte troda dáiríre a bheadh acu, bhí an Corcaíoch ar lár.



"Dá mba chlaíomh nocht a bhí agam an uair sin, mar bhí ag mo sheanathair i gcath Chionn tSáile, bheadh anam an Cheallachánaigh sa tsíorraíocht," arsa an Domhnallach go maslach.

Ní dócha gur rugadh Ceallachánach riamh a d'éistfeadh go foighneach lena leithéid sin de chaint.

"Más fear tú," arsa an Ceallachánach, agus an fhuil ag éirí ann, "más fear tú troidfidh tú anois mé, i láthair na huaire seo, agus troidfidh tú dáiríre mé le claíomh nocht——"

"Fan go maidin i ndiaidh an Aifrinn," arsa an Domhnallach go réidh socair.

"Tá eagla air, a bhuachaillí," arsa an Ceallachánach, agus cuthach ag teacht air, "tá eagla air, a deirim, roimh an gclaíomh nocht, mar bhí ar dhearthháir a athar ag Droichead Átha——"

Ceapadh go mbeadh sé ina chomhrac báis agus beatha ar an toirt. Ní raibh. Ní dúirt an Domhnallach ach——

"Fan go maidin, a Mhuimhnigh éidreoraigh. Déan d'fhaoistin anocht leis an Athair Pól; beidh d'anam i láthair na naomh amárach," ar seisean chomh ciúin is dá mba ag rá a phaidreacha a bheadh sé.

Ach ní shásódh aon ní an Ceallachánach ach dul in éadan an fhir eile láithreach. Socraíodh air sin, in ainneoin an Domhnallaigh; agus ghluais leo, ina dteannta, suas agus anuas le ceithre scór mac léinn de bhunadh uasal Gael a bhí ag foghlaim sagartachta

i gcathair iasachta i bhfad ó bhaile, go bhfeicidís comhrac beirte le claimhte crua ceolmhara de chruach nocht. Agus ní raibh duine orthu a shíl go raibh sé ag déanamh na hurchóide: agus cé a dhearbhóidh go raibh?

Nuair a shroich siad áit chúlráideach, bhain an dá ghaiscíoch díobh, go fiú na léinteacha línéadaigh, agus sheas siad ar aghaidh a chéile amach.

"Déanfaidh mise moltóireacht ar an gcomhrac," arsa Brian Óg na nÉachtaí Ó Dálaigh.

"Tú is fearr chuige," arsa na mic léinn d'aon ghuth, "mar is agatsa atá an t-eolas ar an gcluiche, agus tá tú ceanúil ar an mbeirt."

"An té is túisce a tharraingeoidh fuil, aigesean a bheidh an bua," arsa Brian Óg na nÉachtaí.

"Ní hea in aon chor," arsa an Ceallachánach, go taodach, "ach an té is túisce a mharóidh a namhaid, is aigesean a bheidh an bua!"

Níor tugadh aon aird air, ach tosaíodh ar an gcomhrac. Beidh súil ag gach léitheoir le cur síos ar an gcomhrac claíomh sin. Ní bheidh sé sin le fáil aige, agus tuigfidh sé gan mórán achair cén fáth.